www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2011

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

## Páipéar 3
## Ardsraith

**[G8206]**

G8206

**DÉ CÉADAOIN 25 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 110 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar cáilíocht na cumarsáide scríofa i gceist **4(c)(i)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir na mionsonraí áirimh a thaispeáint.
Ní mór aonaid a lua i bhfreagraí uimhriúla nuair is cuí.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Tá galrollóir in úsáid le dromchla bóthair a dhéanamh réidh.



Anseo thíos tá graf treoluais ar am don ghalrollóir.




**(a)** **(i)** Cá fhad a ghluaiseann an galrollóir sna chéad 15 shoicind?
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Fad = _______________ m [3]


**(ii)** Tá mais 3000 kg sa ghalrollóir. Úsáid an graf lena mhóiminteam **is lú** a ríomh.
Cuimhnigh an t-aonad a lua.
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Móiminteam is lú = ____________________ [4]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

Tá slabhra cónaitheach ar crochadh thar cheann tábla mar a thaispeántar thíos.




**(b)** **(i)** Mínigh, i dtéarmaí fórsaí, cad chuige nach bhfuil an slabhra ag bogadh.

_______________________________________________ [1]

Meáchan na lúb atá ar crochadh thar an imeall, méadaítear go 0.8 N é agus is é 0.2 N an fórsa cuimilte atá á chur i bhfheidhm ag an tábla.

**(ii)** Más é 0.3 kg mais an tslabhra uile, ríomh luasghéarú tosaigh an tslabhra.
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Luasghéarú = ______________ $m/s^2$ [3]

Nuair a bhuaileann tú liathróid cruicéid le slacán, comhbhrúitear an liathróid, glacann sí a méid iomlán arís ansin agus téann sí chun siúil sa treo eile faoi luas.

**(c)** **(i)** Cén cineál fuinnimh atá ag an liathróid chomhbhrúite?

______________________ [1]

**(ii)** Is é 30 m/s luas na liathróide cruicéid.
Más é 0.5 kg mais na liathróide, cén fuinneamh cinéiteach atá aici?
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Fuinneamh cinéiteach = ______________ J [3]


www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna | Athmharc

**2** Bíonn fórsaí imtharraingteacha ag feidhmiú idir réada réalteolaíocha.

**(a)** **(i)** Cén léaráid thíos is fearr a léiríonn na fórsaí imtharraingteacha idir an Domhan agus an Ghealach? Ticeáil (✓) an bosca ceart.




[1]

Go stairiúil, tá dhá theoiric molta do struchtúr an Ghrianchórais againn.

**(ii)** Ainmnigh an dá theoiric seo.

_____________________ agus _____________________ [2]

**(iii)** Cén dá cheann de na ráitis seo a leanas a chuireann síos go ceart ar na hidéanna atá againn ar an chruinne?

Ticeáil (✓) na boscaí cearta.

An Ghrian agus 8 bpláinéad atá sa chruinne. ☐

Tá an chruinne ag fairsingiú. ☐

Tá réaltaí níos fuaire ná pláinéid. ☐

Tá roinnt cóiméad ina bhfithis thart ar an Ghrian. ☐

[2]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

Anseo tá cuid de ráitis a chuireann síos ar fhoirmiú réalta.

**(b)** Comlánaigh gach abairt.

Scamaill de dheannach agus de ghás darb ainm réaltnéalta, is mar

gheall ar fhórsa darb ainm ______________________ a thagann siad le chéile. [1]

Mar gheall ar an teacht le chéile seo, tá méadú ar

______________________ . [1]

Faoi dheireadh, foirmíonn an réalta agus scaoileann sí fuinneamh, atá á thiomáint ag próiseas núicléach darb ainm


______________________ . [1]

**(c)** Is féidir réalta taobh amuigh den Ghrianchóras againn a fheiceáil, ach ní féidir pláinéad a fheiceáil. Luaigh dhá fháth le cad chuige.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(d)** Is féidir caife a mheascadh le spúnóg mhiotail nó le spúnóg phlaistigh.



**(i)** Ainmnigh an dóigh a mbíonn teas á aistriú trí na spúnóga seo.

______________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Cad iad na cáithníní is mó a thugann ar an teas a bheith ag aistriú feadh na spúnóige miotail?

_______________ [1]

**(iii)** Cuir síos ar an dóigh a mbíonn teas ag dul tríd an spúnóg phlaistigh.

_______________

_______________ [2]


**(iv)** Cad é mar is féidir laghdú ar an teas a bhíonn á chailleadh ón dromchla ag barr cupán caife?

_______________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

**3** **(a)** Is féidir lingeán *slinky* sínte a úsáid le tonnta a léiriú.




**(i)** Cad é a bhíonn á aistriú ag an dá thonn agus iad ag bogadh ó chlé go deas?

____________________ [1]

**(ii)** Sa bhosca ar an taobh clé de thonn A, taispeáin an treo a bhfuil cáithnín ag crith sa lingeán. [1]

**(iii)** Cén cineálacha tonn iad A agus B?

Tonn A ____________________ Tonn B ____________________ [2]

**(iv)** Cad é tonnfhad tonn A?


______________ cm [1]

**(v)** Cad é tonnfhad tonn B?

______________ cm [1]

**(vi)** Cad é aimplitiúid tonn A?

______________ cm [1]



www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

Foirceann tonn B, critheann sé 40 uair in 10 soicind.

**(vii)** Cá mhéad uair a chritheann foirceann tonn B in aon soicind amháin?

_______________ [1]


**(viii)** Cad é minicíocht chreathadh thonn B?

_______________ Hz [1]


**(b)** Is é 6 Hz minicíocht toinne agus is é 0.4 m tonnfhad na toinne. Ríomh luas na toinne.
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Luas = _______________ m/s [3]

**(c)** Taispeánann ascalascóp catóideach (CRO) an fhuaimthonn atá á táirgeadh ag gabhlóg thiúnta.



Sa spás thíos, tarraing an fhuaimthonn atá á táirgeadh ag gabhlóg thiúnta a bhfuil treise níos mó ach a bhfuil an mhinicíocht chéanna aici.



[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Ticeáil (✓) an bosca lena thaispeáint cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas thíos.

| **Ráiteas** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Bíonn fuaim agus solas ag gluaiseacht san aer faoin luas céanna. | | |
| Is féidir le solas gluaiseacht trí fholús. | | |
| Gluaisne fadtoinne atá i gceist le fuaim. | | |

[3]

**(e)** **(i)** Abair go bhfuil do chluasa nochtaithe do challán ard ar feadh tamall fada.
Cén dochar is féidir a dhéanfaí dóibh?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Daoine a bhíonn ag obair le hinnill iontach callánach, cén réamhchúram is féidir leo a ghlacadh le laghdú ar an dochar a dhéantar do na cluasa?

_______________________________________________ [1]


**(iii)** Agus duine ag dul anonn in aois, cad é a tharlaíonn do theorainn minicíochta uachtair na héisteachta?

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Tá Seán ag amharc ar bhonn atá ar thábla.





**(a) (i)** Tarraing ga ionsaitheach agus ga frithchaite lena thaispeáint cad é mar a fheiceann Seán an bonn. Tarraing saighead le treo an tsolais a thaispeáint. [3]

**(ii)** Is mar gheall ar sholas frithchaite a fheiceann Séan an bonn. Is féidir réada eile a fheiceáil mar gheall ar an solas atá á astú acu. Luaigh sampla de réad is féidir a fheiceáil mar gheall ar an solas atá á astú aige.

Ainm an réada ________________ [1]

Tá ga solais ag gluaiseacht ón aer isteach i ngloine. Taispeánann an léaráid thíos an ga ionsaitheach.





**(b) (i)** Tarraing an normal agus taispeáin an ga athraonta taobh istigh den ghloine. [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Tarraing an ga ionsaitheach a tháirgeann an ga taobh istigh den bhloc gloine mar atá léirithe anseo thíos.




[1]

**(iii)** Roghnaigh an ráiteas ceart lena thaispeáint cad é a tharlaíonn do sholas nuair a bhíonn sé ag gluaiseacht ón aer isteach i ngloine. Ticeáil (✓) an bosca ceart.

Bíonn an solas ag gluaiseacht níos gasta i ngloine ná san aer. ☐

Bíonn an solas ag gluaiseacht faoin luas céanna san aer agus i ngloine. ☐

Bíonn an solas ag gluaiseacht níos gasta san aer ná i ngloine. ☐ [1]

**(c) (i)** Mínigh ina iomláine cad é a chiallaíonn an téarma **spré**.

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Taispeánann an léaráid cuid den chóiriúchán a bhíonn in úsáid le spré a léiriú.




**(ii)** Cén ball fearais atá ar iarraidh?

_______________________ [1]

**(iii)** Cad é an t-ainm atá ar an bhanda dathanna a dhéantar ar an scáileán?

_______________________ [1]

**(iv)** Ainmnigh na dathanna, in ord, ag tosú leis an dearg, atá sa léaráid thuas.

Dearg, ____________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

Bhí Fionnuala ag iarraidh na codanna sa speictream leictreamaighnéadach a liostú in ord de réir tonnfhad a bheith ag méadú. D'fhág sí cuid amháin amach, áfach, agus rinne sí dhá chuid eile a idirmhalartú.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| X-Ghathanna | Gáma Ghathanna | | Gathanna Infheicthe | Gathanna Infridhearga | Micrea-thonnta | Rada-thonnta |

Tonnfhad ag méadú →

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** **(i)** Cén chuid ar fhág Fionnuala amach í?

_______________________ [1]

**(ii)** Cén dá chuid a ndearna Fionnuala iad a idirmhalartú?

_______________________ agus _______________________ [1]

Is féidir codanna den speictream a úsáid ar dhóigheanna éagsúla. Ainmnigh na codanna seo a leanas ón fhaisnéis thuas.

**(e)** **(i)** Bíonn an chuid seo in úsáid le cnámha briste a aimsiú.

_______________________ [1]

**(ii)** Bíonn an chuid seo in úsáid i gcumarsáid nuair a bhíonn beirt dhaoine ag croitheadh lámh ar a chéile.

_______________________ [1]


**(iii)** Déantar an chuid seo a astú ó réada teo.

_______________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Nuair a chuimlíonn tú inslitheoirí dá chéile, bíonn leictreachas statach á tháirgeadh agat. Nuair a chuimlíonn tú slat phlaistigh le héadach olla, éiríonn sí luchtaithe go diúltach.




**(i)** Cad iad na cáithníní luchtaithe a bhogann ón éadach olla go dtí an tslat phlaistigh?

_______________________ [1]

**(ii)** Cén lucht atá fágtha ar an éadach olla?

_______________________ [1]

**(b)** Sula ndéanann daoine carr rásaíochta a athlíonadh le breosla, cuireann siad stiall sheolta mhiotail idir an carr agus an talamh. Tugtar "talmhúchán" air seo.



*© Toyota Motorsport GmbH*

Tá sé riachtanach go ndéanfaidh na daoine an carr rásaíochta a thalmhú nuair atá siad á athlíonadh le breosla. Mínigh cén fáth.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Cén lucht a bhíonn ag dul trí fhriotóir 50 Ω má tá sruth 0.24 A ag sreabhadh ar feadh 5 **nóiméad**?
Cuimhnigh an t-aonad a lua don lucht.
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint**.

Lucht = ______________ [4]

**(d)** Chuir dalta ciorcad i dtreoir le fiosrúchán a dhéanamh ar an ghaol idir voltas agus sruth i gcás faid de shreang friotaíochta.




**(i)** Úsáid na litreacha A agus V leis an aimpmhéadar agus an voltmhéadar a lipéadú sa léaráid thuas. [1]

**(ii)** Cén fheidhm atá leis an réastat (friotóir inathraithe) R?

______________________________________________________________


______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Taispeánann an tábla thíos torthaí an fhiosrúcháin.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Voltas ina V | 0 | 0.5 | 1.0 | 1.5 | 2.0 |
| Sruth ina mA | 0 | 12 | 26 | 40 | 54 |




**(iii)** Breac na pointí ar an eangach. [1]

**(iv)** Tarraing líne an oiriúnaithe is fearr. [1]

**(v)** Úsáid an graf leis an sruth a fháil ina mA nuair is é 0.8 V an voltas.

Sruth = ______________ mA [1]

**(vi)** An freagra a fuair tú ar **(d)(v)**, tiontaigh ina aimpéir é.
Cuimhnigh go bhfuil 1 mA = 0.001 A.

Sruth = ______________ A [1]


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(vii)** Úsáid an freagra a fuair tú ar **(d)(vi)** le friotaíocht na sreinge a ríomh nuair is é 0.8 V an voltas.
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Friotaíocht = ______________ Ω [3]

**(e)** Tá 3 fhiotóir ceangailte idir **X** agus **Z** mar a thaispeántar anseo thíos.




**(i)** Cad é an fhriotaíocht idir **X** agus **Z** nuair atá an lasc oscailte?

Friotaíocht = ______________ Ω [1]

**(ii)** Cad é an fhriotaíocht idir **Y** agus **Z** nuair atá an lasc druidte?

Friotaíocht = ______________ Ω [1]

**(iii)** Cad é an fhriotaíocht idir **X** agus **Z** nuair atá an lasc druidte?

Friotaíocht = ______________ Ω [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Tá insliúchán dúbailte ag triomadóir gruaige.

**(a) (i)** Mínigh an chiall atá leis seo.

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Cén tsreang atá ar iarraidh ón triomadóir gruaige?

______________________________ [1]

**(b)** Is féidir scoradán ciorcaid a chur i gciorcad mar ghaireas sábháilteachta. Luaigh dhá bhuntáiste, nach mbaineann le costas, atá ag an scoradán ciorcaid ar fhiús.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(c) (i)** Mínigh an chiall atá le sruth ailtéarnach (s.a.).

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Sruth ailtéarnach (s.a.) a bhíonn in úsáid i ngléasanna leictreacha áirithe agus sruth díreach (s.d.) a bhíonn in úsáid i ngléasanna eile. Cuir in iúl cé acu cineál a bhíonn in úsáid sna gléasanna seo a leanas:

claochladán, ______________ [1]

cadhnra cairr, ______________ [1]

cócaireán leictreach. ______________ [1]


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(d)** I gcás gach ceann de na cóiriúcháin seo thíos, luaigh cé acu ráiteas, A, B nó C, is fearr a chuireann síos ar shraonadh an aimpmhéadair.

| | |
|---|---|
| A | Gan sraonadh ar bith. |
| B | Sraonadh leanúnach (foistineach). |
| C | Sraonadh agus filleadh ar nialas ina dhiaidh. |


**(i)**




**Dhruid** dalta an lasc.

Litir ____________________ [1]


**(ii)**




**D'oscail** dalta an lasc.

Litir ____________________ [1]

**(iii)**





Choinnigh dalta maighnéad **ar fos** taobh istigh de chorna.

Litir ____________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |


**(e)** Tá claochladán íoschéimneach mar chuid de phaca cumhachta a bhíonn in úsáid i saotharlann scoile. Athraíonn an claochladán voltas an phríomhlíonra ó 240 V go leibhéal i bhfad níos sábháilte.



Tá 3600 lúb i gcorna príomhúil an chlaochladáin agus tá sé ceangailte de voltas an phríomhlíonra. Ríomh líon na lúb sa chorna thánaisteach má roghnaigh an dalta voltas 12 V.
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint**.

Líon na lúb = ______________ [4]

Léiríonn an léaráid thíos an córas tarchurtha leictreachais.




**(f)** **(i)** Mínigh ina hiomláine an dóigh a mbíonn claochladán A ag feidhmiú.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cén fheidhm atá ag claochladán B?

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.